Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Iúil 2025
(OR. en)

11361/25
ADD 1

LIMITE

TELECOM 239
CYBER 208

PUBLIC

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2025/0136(NLE)**
**2024/0150(NLE)**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Chreat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an Intleacht Shaorga, Cearta an Duine, an Daonlathas agus an Smacht Reachta |

Dearbhuithe ón Aontas Eorpach

1. Dearbhú ón Aontas Eorpach maidir leis an Raon Feidhme a mhéid a bhaineann le gníomhaithe príobháideacha de bhun Airteagal 3, mír 1, fomhír b den Choinbhinsiún

Ag meabhrú dó an oibleagáid faoi Airteagal 3, mír 1, fomhír b den Choinbhinsiún chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí agus tionchair a eascraíonn as gníomhaíochtaí laistigh de shaolré na gcóras intleachta saorga a dhéanann gníomhaithe príobháideacha a mhéid nach gcumhdaítear i bhfomhír a den fhoráil sin ar bhealach atá i gcomhréir le cuspóir agus críoch an Choinbhinsiúin, dearbhaíonn an tAontas go gcuirfidh sé i bhfeidhm na prionsabail agus na hoibleagáidí a leagtar amach i gCaibidlí II go VI den Choinbhinsiún i leith gníomhaíochtaí gníomhaithe príobháideacha a dhéanann córais intleachta saorga a chur ar an margadh, a chur ar fáil agus a úsáid san Aontas Eorpach trí chur chun feidhme Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga). Féadfaidh feidhm a bheith ag acquis ábhartha eile de chuid an Aontais freisin maidir leis na gníomhaíochtaí sin agus féadfaidh sin rannchuidiú le cur chun feidhme phrionsabail agus oibleagáidí an Choinbhinsiúin.

2. Dearbhú ón Aontas Eorpach maidir leis an Raon Feidhme Críochach de bhun Airteagal 32, mír 1 den Choinbhinsiún

De bhun Airteagal 32, mír 1 den Choinbhinsiún, dearbhaíonn an tAontas, a mhéid a bhaineann le hinniúlacht an Aontais, go bhfuil feidhm le bheith ag an gCreat-Choinbhinsiún maidir leis an Intleacht Shaorga, Cearta an Duine, an Daonlathas agus an Smacht Reachta maidir leis na críocha ina gcuirtear Conarthaí an Aontais i bhfeidhm de bhun Airteagal 52 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus faoi na coinníollacha a leagtar síos, *inter alia*, in Airteagal 355 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

PUBLIC